# Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

## FODHLÍTHE BAINISTITHE DRAMHAÍOLA (STÓRÁIL, CUR I LÁTHAIR AGUS LEITHSCARADH DRAMHAÍOLA TÍ AGUS TRÁCHTÁLA), 2018

1. RÉAMHRÁ AGUS GINEARÁLTA 1

1.1. Teideal 1

1.2. Bonn Reachtúil an Fhodhlí 1

1.3. Lua 1

1.4. Dáta Tosaigh 1

1.5. Limistéar geografach feidhme 1

1.6. Cúlghairmeacha 1

1.7. Raon feidhme an Fhodhlí seo: Cineálacha Dramhaíola agus Gníomhaíochtaí Rialaithe 1

1.8. Léiriú agus Sainmhínithe 2

2. LEITHSCARADH, STÓRÁIL AGUS CUR I LÁTHAIR DRAMHAÍOLA TÍ AGUS TRÁCHTÁLA 4

2.1. Oibleagáid chun Páirt a Ghlacadh i Seirbhís Bailithe Dramhaíola 4

2.2. Cothabháil agus Bainistiú Coimeádán Dramhaíola 4

2.3. Suíomh le haghaidh stóráil coimeádáin 4

2.4. Úsáid Coimeádán Dramhaíola ar Lá Bailithe 4

2.5. Amanna Cur i Láthair agus Baint Coimeádán 5

2.6. Cineálacha Dramhaíola Toirmiscthe 5

2.7. Leithscaradh Dramhaíola Tí agus Cosc ar Éilliú 5

2.8. Forálacha Breise do Theaghlaigh nach mbaineann leas as Seirbhís Bailithe Cois Cosáin 5

2.9. Forálacha a dhéanann difear d’Fhoirgnimh Ilúsáideora, Bloic Árasán, etc. 6

2.10. Cur isteach ar Bhailiú Ordúil Dramhaíola 6

2.11. Forálacha Breise maidir le Dramhaíl Tráchtála 7

2.12. Forálacha Forfheidhmithe/Fógraí Íocaíochta Socraithe. 7

# 1. RÉAMHRÁ AGUS GINEARÁLTA

## *1.1. Teideal*

***Fodhlíthe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (Leithscaradh, Stóráil agus Cur I Láthair Dramhaíola Tí agus Tráchtála), 2018***

## *1.2. Bonn Reachtúil an Fhodhlí*

***Déanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, de bhun Alt 35(1) den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 agus Alt 199(1) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus de réir Chuid 19 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, na fodhlíthe seo a leanas:***

## *1.3. Lua*

***Fodhlíthe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (Leithscaradh, Stóráil agus Cur I Láthair Dramhaíola Tí Agus Tráchtála), 2018 is teideal do na fodhlíthe seo***

## *1.4. Dáta Tosaigh*

***Tiocfaidh na fodhlíthe seo i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.***

## *1.5. Limistéar geografach feidhme*

***Bainfidh na fodhlíthe seo le limistéar feidhme Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.***

## *1.6. Cúlghairmeacha*

***Aisghairtear leis na fodhlíthe seo Fodhlíthe 2013 Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le Stóráil, Cur i Láthair agus Bailiú Dramhaíola Tí agus Tráchtála.***

## *1.7. Raon feidhme an Fhodhlí seo: Cineálacha Dramhaíola agus Gníomhaíochtaí Rialaithe*

***Mura léirítear a mhalairt leis na fodhlíthe seo a leanas, baineann na fodhlíthe seo le dramhaíl tí agus tráchtála araon.***

### 1.8. Léiriú agus Sainmhínithe

*Sna fodhlíthe seo, tá na bríonna seo a leanas leis na focail agus na frásaí seo:*

*ciallaíonn "coimeádán dramhaíola cuí" coimeádán dramhaíola atá oiriúnach chun dramhaíl cois cosáin a bhailiú agus ar gabhdán é a chomhlíonann na caighdeáin le haghaidh coimeádáin dramhaíola shoghluaiste (araidí rothaí) a shonraítear I gcaighdeán CEN dar teideal IS EN 840 (Codanna 1-6);*

*ciallaíonn "duine údaraithe" duine arna údarú ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath de réir Alt 204 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 nó comhalta den Gharda Síochána;*

*ciallaíonn "bailitheoir dramhaíola údaraithe" duine arna údarú de réir Alt 34 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, lena n-áirítear aon rialacháin arna ndéanamh faoi, chun an cineál dramhaíola atá á bhailiú a bhailiú;*

*ciallaíonn "saoráid dramhaíola údaraithe" saoráid aisghabhála nó diúscartha:*
*(a) arna húdarú faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola, faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, faoi aon rialacháin a eascraíonn as ceachtar de na hAchtanna sin nó faoi rialacháin arna ndéanamh faoi Acht na gComhphobal Eorpach, 1972 a bhaineann le gníomhaíochtaí bainistithe dramhaíola a rialú; agus*
*(b) i gcás ina gceadaítear le húdarú na saoráide sin glacadh leis an dramhaíl dá dtagraítear sa chuid áirithe de na fodhlíthe seo;*

*ciallaíonn "saoráid fág anseo" saoráid dramhaíola údaraithe ina bhfuil gabhdán saintógtha amháin nó níos mó ina bhféadfaidh an pobal dramhaíl tí in-athchúrsáilte leithscartha a chur chun an dramhaíl sin a aisghabháil;*

ciallaíonn "*dramhaíl tráchtála cois cosáin" dramhaíl tráchtála ar dramhaíl cois cosáin í.*

*ciallaíonn "dramhaíl tráchtála" dramhaíl ó áitribh a úsáidtear go hiomlán nó go formhór chun críoch trádála nó gnó nó chun críoch spóirt, áineasa, oideachais nó siamsaíochta ach ní áirítear dramhaíl tí, talmhaíochta nó thionsclaíoch;*

*ciallaíonn "lá ainmnithe bailithe dramhaíola" an lá a ainmneoidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun dramhaíl cois cosáin a bhailiú, agus féadfar laethanta éagsúla a ainmniú i limistéir shonracha laistigh agus lasmuigh den Phríomh-Cheantar Tráchtála le haghaidh dramhaíl tráchtála cois cosáin agus dramhaíl tí cois cosáin;*

*is limistéar arna ainmniú ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath é "limistéar bailithe málaí ainmnithe" de réir Airteagal 20 de na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Ceadúnas Bailithe), 2007* inar *féidir dramhaíl a bhailiú i málaí nó i saic;*

*ciallaíonn "fógra íocaíochta socraithe" fógra dá bhforáiltear sna fodhlíthe seo agus le hAlt 206 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 a eisítear do dhuine i leith sárú ar na fodhlíthe seo agus a cheanglaíonn, mar mhalairt ar ionchúiseamh, ar an duine sin íocaíocht shocraithe shonraithe a íoc faoi thréimhse shonraithe;*

*ciallaíonn "dramhaíl bia" dramhaíl bia ar dramhaíl tí é nó, de réir mar a bheidh, dramhaíl tráchtála, agus beidh an bhrí chéanna leis agus atá leis an mbrí a bhaineann le Rialachán 7 de na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Dramhaíl Bia), 2009 (I.R. 508 de 2009) nó, de réir mar a bheidh, le Rialachán 6 de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dramhaíl Bia Tí agus Bithdhramhaíl), 2015 (I.R. 430 de 2015);*

*Rialacháin Dramhaíola Bia*: féach "reachtaíocht náisiúnta maidir le dramhaíl bia";

*ciallaíonn "sealbhóir" an táirgeoir dramhaíola nó an duine atá i seilbh na dramhaíola agus léireofar "sealbhóir dramhaíola tráchtála" agus "sealbhóir dramhaíola tí" dá réir sin*;

*ciallaíonn "dramhaíl tí cois cosáin" dramhaíl tí arb í dramhaíl cois cosáin í;*

*ciallaíonn "dramhaíl tí" dramhaíl a tháirgtear laistigh de chúirtealáiste foirgnimh nó cuid fhéinchuimsitheach d'fhoirgneamh a úsáidtear chun críoch cóiríochta cónaithe;*

*ciallaíonn "dramhaíl cois cosáin" an chuid sin de dhramhaíl tráchtála nó tí a chuirtear I láthair lena bailiú ó áitreabh agus atá le bailiú ag bailitheoir dramhaíola údaraithe, seachas fuíolluisce, dramhaíl tógála agus scartála agus dramhaíl théagartha atá níos oiriúnaí le bailiú i scipe bruscair nó i ngabhdán eile den sórt sin (lena n-áirítear dramhaíl*

*throm amhail troscán, cairpéid agus smionagar dramhaíola), chomh maith le dramhaíl ghuaiseach agus sruthanna eile dramhaíola tí nó tráchtála a cheanglaítear a bhailiú ar bhealach iomchuí eile, amhail dramhthrealamh leictreach agus leictreonach agus cadhnraí dramhaíola;*

*ciallaíonn "reachtaíocht náisiúnta maidir le dramhaíl bia" na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Dramhaíl Bia), 2009 (I.R. 508 de 2009) agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dramhaíl Bia Tí agus Bithdhramhaíl), 2015 (I.R. 430 de 2015);*

*folaíonn "áititheoir", i ndáil le haon áitreabh, an t-úinéir, léasaí, aon duine atá i dteideal an t-áitreabh a áitiú agus aon duine eile a bhfuil, faoi láthair, an t-áitreabh faoina rialú de thuras na huaire;*

*chun críocha na bhfodhlíthe seo, folóidh "duine" duine aonair, cuideachta (cibé acu cuideachta theoranta, corpraithe nó nach ea), comhpháirtíocht, comharchumann nó comhlacht comhchosúil eile de réir bhrí an mhínithe atá san Acht Léiriúcháin, 2005;*

*ciallaíonn "áit fhorordaithe" i ndáil le haon áitreabh (i) Áit áisiúil díreach lasmuigh de bhealach isteach an áitribh nó chomh gar agus is féidir dó ach nach gcuirfidh bac ar úsáideoirí an bhóthair ná an chosáin. Suíomh ar leith, gar d'áitreabh ar leith nó ar áitreabh ar leith, arna cheadú ag duine ceaptha.*

*ciallaíonn "dramhaíl tí in-athchúrsáilte cois cosáin" an codán den dramhaíl tí cois cosáin arb é atá inti dramhaíl tí in-athchúrsáilte agus lena n-áirítear na hábhair a leagtar amach i Sceideal 1[1];*

*ciallaíonn "dramhaíl tí iarmharach cois cosáin" an codán den dramhaíl tí atá fágtha tar éis an dramhaíl sin a dheighilt ó na codáin de na nithe seo a leanas:*

*(a) dramhaíl tí in-athchúrsáilte cois cosáin,*

*(b) dramhaíl bia i gcás ina gceanglaítear dramhaíl bia a leithscaradh faoin reachtaíocht náisiúnta maidir le dramhaíl bia nó leis na fodhlíthe seo, agus*

*(c) má tá sé faoi réir bailiúchán ar leithligh ag bailitheoir dramhaíola údaraithe, dramhaíl gairdín in-bhithmhillte.*

*Mura léirítear a mhalairt, chun amhras a sheachaint agus de réir Alt 19 den Acht Léiriúcháin, 2005, beidh feidhm ag na sainmhínithe atá san Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 maidir leis na fodhlíthe seo, lena n-áirítear na téarmaí seo a leanas:*

*"saoráid", "diúscairt", "dramhaíl ghuaiseach", "áitreabh", "aisghabháil", "athchúrsáil", "bailiúchán ar leithligh", "dramhaíl", "táirgeoir dramhaíola".*

*I gcás inar gá, beidh feidhm ag an Acht Léiriúcháin, 2005 maidir le haon fhoráil de na fodhlíthe seo a fhorléiriú.*

[1] Ag deireadh an aguisín seo

## 2. LEITHSCARADH, STÓRÁIL AGUS CUR I LÁTHAIR DRAMHAÍOLA TÍ AGUS TRÁCHTÁLA

### 2.1. Oibleagáid chun Páirt a Ghlacadh i Seirbhís Bailithe Dramhaíola

***"(a) Faoi réir mhír (b), ní dhéanfar dramhaíl tí cois cosáin a eascraíonn as na háitribh ina dtáirgtear an dramhaíl sin a chur i láthair aon duine seachas bailitheoir dramhaíola údaraithe.***
***(b) Ní bheidh feidhm ag mír (a) i gcás ina ndéantar an dramhaíl sin:***
***(i) a chur i gcoimeádán dramhaíola cuí arna sholáthar faoi chonradh ag bailitheoir dramhaíola údaraithe do dhuine eile chun an dramhaíl sin a bhainistiú agus i gcás inar thug an duine eile sin toiliú leis an dramhaíl sin a fháil, nó***
***(ii) a sheachadadh go díreach ag an sealbhóir chuig saoráid dramhaíola údaraithe.***
***(c) Déanfar fianaise dhoiciméadach, amhail admhálacha, ráitis nó cruthúnas eile ar íocaíocht, lena léirítear comhlíonadh an fhodhlí seo a chur i láthair duine údaraithe laistigh de thréimhse a shonrófar in iarratas i scríbhinn ón duine sin nó ó dhuine údaraithe eile arna fhostú ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.***

### 2.2. Cothabháil agus Bainistiú Coimeádán Dramhaíola

***Déanfar na coimeádáin a úsáidtear chun dramhaíl cois cosáin a chur i láthair a chothabháil i riocht agus i ndeisriocht nach mbeidh an dramhaíl a chuirtear ann ina foinse núise nó bruscair. Ní chuirfear dramhaíl i láthair i gcoimeádán i gcás:***
***(a) inar baineadh na rothaí nó an clúdach de nó inar ndearnadh an oiread sin damáiste dó nach bhféadfar an dramhaíl a choinneáil ann gan doirteadh, nach bhfuil sé oiriúnach ar shlí eile don chuspóir ar dearadh é chuige nó nach féidir é a fholmhú go caoithiúil.***

### 2.3. Suíomh le haghaidh stóráil coimeádáin

***Seachas an lá roimh an lá ainmnithe bailithe dramhaíola agus ar an lá sin lasmuigh den Phríomh-Cheantar Tráchtála agus ar an lá ainmnithe bailithe dramhaíola amháin laistigh den Phríomh-Cheantar Tráchtála, déanfar coimeádáin a úsáidtear chun dramhaíl cois cosáin a chur i láthair a choinneáil laistigh de chúirtealáiste na n-áitreabh ina dtáirgtear an dramhaíl. Ní stórálfar iad ar bhóthar ná ar chosán ná in aon áit phoiblí eile murar tugadh údarú sainráite i scríbhinn don suíomh sin ag duine údaraithe.***

### 2.4. Úsáid Coimeádán Dramhaíola ar Lá Bailithe

***(a) Faoi réir mhír (b), ní chuirfear dramhaíl tí cois cosáin i láthair lena bailiú ach amháin in áit fhorordaithe i gcoimeádán dramhaíola cuí. Ní chuirfear an iomarca ualaigh ar an gcoimeádán agus dúnfar an clúdach go daingean. Ní chuirfear aon dramhaíl i láthair ar bharr an chlúdaigh ná in aice leis an gcoimeádán dramhaíola.***
***(b) Ní bheidh feidhm ag mír (a) i gcás ina mbailítear dramhaíl i málaí nó i saic i limistéar arna n-ainmniú ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar limistéar ainmnithe bailithe málaí.***

### 2.5. Amanna Cur i Láthair agus Baint Coimeádán

***(a) Faoi réir mhír (b), ní dhéanfar dramhaíl cois cosáin a chuirtear i láthair lena bailiú a chur i láthair lena bailiú níos luaithe ná 5.00 p.m. an lá díreach roimh an lá ainmnithe bailithe dramhaíola;***
***(b) Sa Phríomh-Cheantar Tráchtála, ní bheidh an t-am forordaithe chun dramhaíl cois cosáin a chur i láthair roimh 5.00 p.m. an lá ainmnithe bailithe dramhaíola.***

***Bainfear gach coimeádán a úsáidtear chun dramhaíl cois cosáin a chur i láthair agus aon dramhaíl neamhbhailithe d'aon bhóthar, cosán nó aon áit phoiblí eile tráth nach déanaí ná 10:00 a.m. an lá i ndiaidh an lae ainmnithe bailithe dramhaíola, murar ceadaíodh socrú malartach de réir fhodhlí 2.3***

### 2.6. Cineálacha Dramhaíola Toirmiscthe

***Ní chuirfear dramhaíl tí ina bhfuil dramhaíl ghuaiseach nó dramhthrealamh leictreach agus leictreonach i gcoimeádán dramhaíola cuí le haghaidh bailiú cois cosáin.***

### 2.7. Leithscaradh Dramhaíola Tí agus Cosc ar Éilliú

***(a) Déanfar dramhaíl tí cois cosáin a leithscaradh ina dramhaíl tí iarmharach cois cosáin agus ina dramhaíl tí in-athchúrsáilte cois cosáin, agus na codáin sin á stóráil ar leith. Ní dhéanfar aon dramhaíl in-athchúrsáilte leithscartha den sórt sin a chur i gcoimeádán a ainmnítear le haghaidh dramhaíl tí iarmharach cois cosáin agus ní dhéanfar aon dramhaíl iarmharach den sórt sin a chur i gcoimeádán a ainmnítear le haghaidh dramhaíl tí in-athchúrsáilte cois cosáin.***

***(b) Ní dhéanfar dramhaíl tí in-athchúrsáilte cois cosáin ná dramhaíl bia a eascraíonn as tithe a éilliú le haon chineál eile dramhaíola sula leithscartar í ná ina dhiaidh sin.***

***Tabhair faoi deara: cé nach cuid de na fodhlíthe seo í an chuid eile den mhír seo, tá ceanglais dhlíthiúla ar leithligh ann lena gceanglaítear ar shealbhóirí tí dramhaíl bia a leithscaradh agus í a choimeád ar leithligh. Cuimsítear iad sin i Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dramhaíl Bia Tí agus Bithdhramhaíl), 2015. Féadfar dramhaíl bia a mhúiríniú sa bhaile nó a sheachadadh chuig saoráid dramhaíola údaraithe freisin.***

### 2.8. Forálacha Breise do Theaghlaigh nach mbaineann leas as Seirbhís Bailithe Cois Cosáin

***I gcás nach nglacann áititheoir áitribh páirt i seirbhís bailithe dramhaíola tí cois cosáin, cinnteoidh an duine sin an méid seo a leanas:***
***(a) go dtugtar dramhaíl tí in-athchúrsáilte cois cosáin a leithscartar i gcomhréir le foráil***
***2.7 chuig saoráid dramhaíola údaraithe agus go gcuirtear í inti ar bhealach inar féidir í a athchúrsáil nó a aisghabháil ar shlí eile,***
***(b) go dtugtar dramhaíl tí iarmharach cois cosáin a leithscartar i gcomhréir le fodhlí***
***2.7 chuig saoráid dramhaíola údaraithe, agus***
***(c) go bhfaightear doiciméadacht, lena n-áirítear admhálacha, agus go gcoinnítear í ar feadh tréimhse nach lú ná bliain amháin chun cruthúnas a sholáthar gur bainistíodh aon dramhaíl a baineadh de na háitribh ar bhealach***

*a chomhlíonann na fodhlíthe seo, an tAcht um Bainistiú Dramhaíola agus, i gcás ina bhfuil an reachtaíocht sin infheidhme maidir leis an duine sin, Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dramhaíl Bia Tí agus Bithdhramhaíl), 2015.*

***Déanfar doiciméadacht a cheanglaítear a fháil agus a choinneáil leis an bhfodhlí seo, nó cóipeanna di, a chur faoi bhráid duine údaraithe laistigh de thréimhse ama a shonrófar in iarratas i scríbhinn ón duine sin nó ó dhuine údaraithe eile arna fhostú ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.***

## 2.9. Forálacha a dhéanann difear d'Fhoirgnimh Ilúsáideora, Bloic Árasán, etc.

***Déanfaidh cuideachta bainistíochta, nó duine eile mura bhfuil aon chuideachta den sórt sin ann, a fheidhmíonn rialú agus maoirseacht ar ghníomhaíochtaí cónaithe agus/nó tráchtála i bhforbairtí ilaonaid, i bhforbairtí ilúsáide, in árasáin nó i mbloic árasán, I spásanna maireachtála/oibre comhcheangailte nó i gcoimpléisc chomhchosúla eile a chinntiú:***

- ***(a)** go soláthraítear gabhdáin ar leithligh de mhéid agus de líon leordhóthanach chun dramhaíl tí in-athchúrsáilte cois cosáin agus dramhaíl tí iarmharach cois cosáin a leithscaradh, a stóráil agus a bhailiú i gceart*
- ***(b)** go soláthraítear gabhdáin bhreise chun dramhaíl bia a leithscaradh, a stóráil agus a bhailiú i gcás ina bhfuil an cleachtas sin ina cheanglas faoin reachtaíocht náisiúnta maidir le dramhaíl bia,*
- ***(c)** go bhfuil na gabhdáin dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b) suite laistigh d'aon árasán aonair agus san áit a stóráiltear dramhaíl sula mbailítear í,*
- ***(d)** go bhfuil aon áit ina stóráiltear dramhaíl sula mbailítear í slán, inrochtana I gcónaí ag tionóntaí agus áititheoirí eile agus nach bhfuil sí inrochtana ag aon duine eile seachas bailitheoir dramhaíola údaraithe,*
- ***(e)** go soláthraítear faisnéis i scríbhinn do gach tionónta nó áititheoir eile faoi na socruithe maidir le deighilt, leithscaradh, stóráil agus cur i láthair dramhaíola roimh bhailiú,*
- ***(f)** go bhfostaítear bailitheoir dramhaíola údaraithe chun na gabhdáin dá dtagraítear sa chuid seo de na fodhlíthe seo a sheirbhísiú, agus fianaise dhoiciméadach, amhail admhálacha, ráitis nó cruthúnas eile íocaíochta, lena léirítear go bhfuil an fhostaíocht sin á coinneáil ar feadh tréimhse nach lú ná dhá bhliain. Cuirfear an fhianaise sin faoi bhráid duine údaraithe laistigh de thréimhse a shonrófar in iarratas i scríbhinn ón duine sin nó ó dhuine údaraithe eile arna fhostú ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath,*
- ***(g)** go gcuirtear gabhdáin le haghaidh dramhaíl cois cosáin i láthair lena mbailiú ar an lá ainmnithe bailithe dramhaíola,*
- ***(h)** go ndéanfar bealach leordhóthanach isteach chuig an áitreabh agus bealach leordhóthanach amach as a chothabháil d'fheithiclí bailithe dramhaíola.*

## 2.10. Cur isteach ar Bhailiú Ordúil Dramhaíola

***(a)** Mura mbeidh na gníomhaíochtaí seo a leanas faoi réir cheadú an bhailitheora dramhaíola údaraithe atá freagrach as an gcoimeádán, ní dhéanfar micrishlis atá ceangailte de choimeádán dramhaíola cuí ná aon mharc aitheantais, suaitheantas, lipéad, clib, diosca ná rud eile nach bhfuil imithe in éag atá ceangailte den choimeádán sin nó de mhála bruscair nó de choimeádán eile a bhaint, a dhamáistiú, a scriosadh, cur isteach air ná a chur as feidhm ar shlí eile.*

***(b)** Maidir le dramhaíl a stóráiltear nó a chuirtear i láthair chun críoch bailithe:*

- ***(i)** ní dhéanfar í a fhorlíonadh le dramhaíl a chuireann duine eile leis murar tugadh údarás don duine sin chuige sin ag an duine a stórálann nó, de réir mar a bheidh, ag an duine a chuireann an coimeádán dramhaíola i láthair lena bhailiú*
- ***(ii)** ní chuirfidh duine eile isteach uirthi ar shlí eile.*

(c) ***Ní chuirfidh aon duine dramhaíl i bhfeithicil bailithe dramhaíola seachas fostaí de chuid bailitheora dramhaíola údaraithe nó údaráis áitiúil***

## *2.11. Forálacha Breise maidir le Dramhaíl Tráchtála*

***Ní dhéanfar dramhaíl tráchtála a chur ag aon saoráid fág anseo arna soláthar ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath nó thar a ceann*.**

## *2.12. Forálacha Forfheidhmithe/Fógraí Íocaíochta Socraithe.*

***(a) Faoi réir mhír (b), dlífear pionóis nach mó ná € 2,500 a chur ar dhuine a fhaightear ciontach i sárú na bhfodhlíthe seo***

***(b) Ní bheidh feidhm ag mír (a) i gcás ina n-eisítear fógra íocaíochta socraithe de réir Rialacháin an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (Fodhlíthe) agus i gcás ina ndéanann an duine atá faoi réir an fhógra sin íocaíocht iomlán.***

***(c) I gcás ina leanfar d'aon fhoráil de na fodhlíthe a shárú tar éis do dhuine a bheith faoi réir na fíneála dá dtagraítear i mír (a), duine a fhaightear ciontach i gcion a bhaineann leis an sárú leanúnach sin, dlífear pionóis nach mó ná €500 in aghaidh gach lae a chur air nó uirthi le haghaidh gach lae a leanfar den sárú tar éis an chiontaithe sin.***

***(d) Féadfar fógra íocaíochta socraithe a eisiúint lena gceanglaítear ar dhuine a bhfaightear go bhfuil na fodhlíthe seo sáraithe nó á sárú aige nó aici íocaíocht €75 a dhéanamh. Déanfar íocaíocht an fhógra seo laistigh de 21 lá ó dháta an fhógra chun nach ndéanfar an duine atá faoi réir an fhógra seo a ionchúiseamh as sárú na bhfodhlíthe seo.***

## SCEIDEAL 1. Dramhaíl In-athchúrsáilte Cois Cosáin

| | | |
|---|---|---|
| **Páipéar** | **Cannaí Alúmanaim** | **Buidéil Phlaisteacha (TPE 1)** |
| **Nuachtáin** | **Cannaí deochanna** | **Buidéil mianraí** |
| **Irisleabhair** | **Cannaí sóide agus beorach** | **Buidéil uisce** |
| **Dramhphost** | | **Buidéil folctha béil** |
| **Clúdaigh litreach** | **Cannaí cruach** | **Buidéil blastáin** |
| **Páipéar** | **Cannaí bia peataí** | |
| **Leabhair teileafóin** | **Cannaí bia** | **Buidéil Phlaisteacha (PEAD2)** |
| **Catalóga** | **Stáin brioscaí** | **Buidéil bhainne** |
| **Boscaí fíocháin** | **Stáin anraith** | **Buidéil sú** |
| **Málaí siúcra** | | **Buidéil chosmaide** |
| **Féilirí** | **Cairtchlár** | **Buidéil seampú** |
| **Dialanna** | **Boscaí bia** | **Buidéil ghlantacháin tí** |
| **Litreacha** | **Boscaí arbhair** | **Buidéil glantaigh níocháin** |
| **Páipéar ríomhaire** | **Feadáin tuáille cistine** | **Buidéil glantacháin fuinneoige** |
| **Cartáin deochanna agus sú úsáidte** | **Boscaí pacáistí** | **Buidéil seomra folctha** |
| **Cartáin bainne** | | |
| **Boscaí uibheacha** | **Potaí, Tráidirí agus Tobáin Phlaisteacha** | |
| **Bróisiúir saoire** | **Potaí iógairt** | |
| **Málaí páipéir prátaí** | **Tobáin margairín** | |
| | **Tráidirí bia righne** | |
| | **Coimeádáin gallúnaí leachtaí** | |
| | **Tráidirí/cartáin torthaí** | |